# An Nollaig ag Teacht



## Íde ag caint:

Tá áthas orainn go léir. Tá an **Nollaig** ag teacht. Beidh **laethanta saoire** againn go luath. Déanfaidh Mamaí **cáca Nollag. Cuideoidh** mise léi. Cuirfidh Daidí **crann Nollag** sa seomra suite. Cuideoidh Tomás leis. Cuirfidh sé **balúin** ar an gcrann Nollag. Cuirfidh Nóra **cártaí Nollag** ar an matal. Beidh **mainséar** sa seomra suite freisin. Ceannóidh mé **bronntanais** don chlann.

**Foclóir:**
**go luath,** soon
**mainséar,** manger
**bronntanais,** gifts

**A. Líon isteach na bearnaí:**
Nol—aig, cr—nn Noll—g, cuir—idh, seo—ra, cuid—oidh, cá—taí Noll—g, mat—l, bron—tanais.

**B. Líon isteach na bearnaí:**
1. Tá — orainn go léir.
2. Tá an — ag teacht.
3. Beidh — saoire againn.
4. Déanfaidh Mamaí — Nollag.
5. Cuirfidh sé — ar an gcrann Nollag.

**C. Déan abairtí díobh seo:**
1. mise, léi, cuideoidh.
2. laethanta saoire, againn, beidh, go luath.
3. don chlann, bronntanais, mé, ceannóidh.
4. sé, balúin, ar an gcrann Nollag, cuirfidh.

**D. Freagair na ceisteanna:**
1. Cén fáth a bhfuil áthas orainn?
2. Céard a dhéanfaidh Mamaí?
3. Cad a chuirfidh Daidí sa seomra suite?
4. Cé a chuideoidh le Daidí?
5. Cá mbeidh an mainséar?
6. Cad a cheannóidh mé don chlann?

**Gramadach 11**

(i) **Foghlaim:**

| | |
|---|---|
| Cuirfidh mé | Cuirfimid |
| Cuirfidh tú | Cuirfidh sibh |
| Cuirfidh sé | Cuirfidh siad |
| Cuirfidh sí | |

**Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Tá balúin agam. **Cuirfidh mé** ar an gcrann Nollag iad.
1. Tá balúin ag Daidí. — — ar an gcrann Nollag iad.
2. Tá balúin ag na páistí. — — ar an gcrann Nollag iad.
3. Tá balúin againn. — ar an gcrann Nollag iad.
4. Tá balúin ag Íde. — — ar an gcrann Nollag iad.

(ii) **Foghlaim:**

| | |
|---|---|
| Ceannóidh mé | Ceannóimid |
| Ceannóidh tú | Ceannóidh sibh |
| Ceannóidh sé | Ceannóidh siad |
| Ceannóidh sí | |

**Líon isteach na bearnaí:**
1. Beidh Íde sa siopa amárach. — — bronntanais don chlann.
2. Beidh Tomás agus mé féin sa siopa amárach. — bronntanais don chlann.
3. Beidh mise sa siopa amárach. — — bronntanais don chlann.
4. Beidh sibhse sa siopa amárach. — — bronntanais don chlann.